2024/1708

21.6.2024

CINNEADH (AE) 2024/1708 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh a ghlacadh lena gcuirtear treoraíocht bhreise ar fáil maidir le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le Comhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir leis an tuiscint ar Airteagal SSC.11 den Phrótacal sin maidir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le hoibrithe scoite agus daoine féinfhostaithe atá ag obair go sealadach lasmuigh den Stát inniúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 48, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú Trádála agus Comhair') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ([2]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) De bhun Airteagal 778(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is cuid dhílis den Chomhaontú sin na Prótacail agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis. De bhun Airteagal 783(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, amhail ón dáta ónar cuireadh an Comhaontú sin i bhfeidhm go sealadach ar aghaidh, tá tagairtí do dháta a theacht i bhfeidhm le tuiscint mar thagairtí don dáta ónar cuireadh i bhfeidhm go sealadach é.

(3) Le hAirteagal 8(4), pointe (c), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, cumhachtaítear don Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta a bunaíodh le hAirteagal 8(1), pointe (p), den chomhaontú sin (an 'Coiste Speisialaithe') cinntí, lena n-áirítear leasuithe, agus moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile a bhfuil foráil sa Chomhaontú sin maidir leo. De bhun Airteagal SSCI.74 d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal um Chomhordú Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair (an 'Prótacal'), is féidir leis an gCoiste Speisialaithe treoraíocht bhreise a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an Phrótacail agus maidir le hIarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis. De bhun Airteagal 10(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, níl aon bhrí cheangailteach leis na moltaí a ghlac an Coiste Speisialaithe.

(4) Le hAirteagal SSC.11(1) den Phrótacal, déantar foráil maidir le maolú ón riail ghinearálta a leagtar síos in Airteagal SSC.10(3), pointe (a), den Phrótacal, arb é is aidhm dó na deacrachtaí riaracháin go háirithe a sheachaint d'oibrithe, d'fhostóirí agus d'institiúidí slándála sóisialta a thiocfadh as cur i bhfeidhm na rialach ginearálta a leagtar síos in Airteagal SSC.10(3), pointe (a), den Phrótacal i gcás gur tréimhse ghairid an tréimhse fostaíochta i Stát seachas an Stát ina bhfuil a oifig chláraithe nó áit ghnó ag an ngnóthas a chuireann an t-oibrí ar iasacht nó an Stát ina mbíonn an duine féinfhostaithe ag gabháil dá ghníomhaíocht de ghnáth.

(5) Chun deimhneacht dhlíthiúil agus coinníollacha comhionanna a áirithiú d'oibrithe agus d'fhostóirí atá bunaithe i mBallstát nó sa Ríocht Aontaithe, tá sé tábhachtach go dtuigfí ar bhealach aonfhoirmeach na coinníollacha le go mbeidh feidhm ag an maolú sin. Dá bhrí sin, tá sé úsáideach go nglacfaidh an Coiste Speisialaithe treoraíocht bhreise maidir le hAirteagal SSC.11.

([1]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bhunú a mhéid a bhaineann le moladh ón gCoiste sin a ghlacadh lena dtugtar treoraíocht bhreise ar fáil maidir le hAirteagal SSC.11 den Phrótacal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta, leagtar amach é sa Dréachtmholadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. VAN DER STRAETEN

MOLADH UIMH. …/2024 ÓN GCOISTE SPEISIALAITHE MAIDIR LE COMHORDÚ NA SLÁNDÁLA SÓISIALTA ARNA BHUNÚ LE HAIRTEAGAL 8(1)(P) DEN CHOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE,

an …

a mhéid a bhaineann le treoraíocht bhreise maidir le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le Comhordú na Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('an Prótacal') maidir le léirmhíniú Airteagal SSC.11 den Phrótacal maidir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le hoibrithe ar iasacht agus daoine féinfhostaithe atá ag obair go sealadach lasmuigh den Stát inniúil

AN COISTE SPEISIALAITHE UM CHOMHORDÚ NA SLÁNDÁLA SÓISIALTA,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([1]) (an 'Comhaontú Trádála agus Comhair'), agus go háirithe Airteagal SSCI.74 d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal,

Ag féachaint d'Airteagal SSC.11 den Phrótacal,

Ag féachaint d'Airteagal SSC.14 den Phrótacal agus d'Airteagail SSCI.5, SSCI.6 agus SSCI.13 go SSCI.18 d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(4)(c) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá an chumhacht ag an gCoiste Speisialaithe um Chomhordú na Slándála Sóisialta ('an Coiste Speisialaithe') moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear sa chomhaontú sin, ag gníomhú dó i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

(2) De bhun Airteagal SSCI.74 d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal, féadfaidh an Coiste Speisialaithe treoraíocht bhreise a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an Phrótacail agus maidir le hIarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis.

(3) Is é is aidhm go háirithe d'fhorálacha Airteagal SSC.11(1) den Phrótacal, lena ndéantar foráil maidir le heisceacht ón riail ghinearálta a leagtar síos in Airteagal SSC.10(3)(a) den Phrótacal, na deacrachtaí riaracháin a sheachaint d'oibrithe, d'fhostóirí agus d'institiúidí slándála sóisialta a thiocfadh as cur i bhfeidhm na rialach ginearálta a leagtar síos in Airteagal SSC.10(3)(a) den Phrótacal i gcás gur tréimhse ghairid an tréimhse fostaíochta i Stát seachas an Stát ina bhfuil a oifig chláraithe nó áit ghnó ag an ngnóthas a chuireann an t-oibrí ar iasacht nó an Stát ina ngabhann an duine féinfhostaithe dá ghníomhaíocht de ghnáth.

(4) Chuige sin, ní mór a shuí, mar an chéad choinníoll cinntitheach maidir le hAirteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal a chur i bhfeidhm, go bhfuil caidreamh díreach ann idir an fostóir agus an t-oibrí a earcaíonn sé.

(5) Maidir le cosaint an oibrí agus leis an tslándáil dhlíthiúil a bhfuil sé agus an institiúid lena bhfuil sé árachaithe ina teideal, agus an institiúid lena bhfuil sé árachaithe, tá ráthaíochtaí iomlána ag teastáil le go gcoinneofar an caidreamh díreach ar bun ar feadh tréimhse gníomhaíochta oibre sealadaí sa Stát eile (tréimhse ar iasacht).

(6) An dara coinníoll cinntitheach maidir le hAirteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal a chur i bhfeidhm is ea a shuí go bhfuil naisc ann idir an fostóir agus an Stát ina bhfuil sé bunaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, féidearthacht na tréimhse ar iasacht sa Stát eile a bheith teorannaithe do ghnóthais a dhéanann a ngnó de ghnáth i gcríoch an Stáit a bhfuil feidhm ag a reachtaíocht fós maidir leis an oibrí ar iasacht, agus dóibh sin amháin; agus ag glacadh leis, dá bhrí sin, nach bhfuil feidhm ag na forálacha thuas ach maidir le gnóthais a dhéanann gníomhaíochtaí substaintiúla de ghnáth i gcrích an Stáit ina bhfuil siad bunaithe.

(7) Ba cheart tréimhsí táscacha do dhaoine fostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe a shonrú gan dochar do mheastóireacht de réir an cháis.

(8) Ní féidir aon ráthaíocht a bheith ann a thuilleadh go gcoinneofar an caidreamh díreach ar bun má chuirtear an t-oibrí ar iasacht ar fáil do thríú gnóthas.

([1]) IO AE L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(9) Is gá a bheith in ann na seiceálacha uile a dhéanamh, le linn na tréimhse ar iasacht, go háirithe maidir le ranníocaíochtaí a íoc agus an caidreamh díreach a choinneáil ar bun, ar seiceálacha iad atá ag teastáil chun úsáid éagórach na bhforálacha thuasluaite a chosc, agus chun a áirithiú go gcuirfear comhlachtaí riaracháin, fostóirí agus oibrithe ar an eolas go hiomchuí.

(10) Ba cheart an t-oibrí agus an fostóir a chur ar an eolas go cuí faoi na coinníollacha faoina gceadaítear don oibrí ar iasacht fanacht faoi réir reachtaíocht na tíre ónar cuireadh é.

(11) Leis an dualgas maidir le faisnéis fhrithpháirteach agus comhar a leagtar síos in Airteagal SSC.59(5) den Phrótacal, cuirtear líon oibleagáidí ar na hinstitiúidí inniúla chun Airteagal SSC.11(1) den Phrótacal.11(1) a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal maidir le hoibrí atá faoi réir reachtaíocht Stáit (Stát is iasachtóir) de bhua gníomhaíocht a shaothrú i bhfostaíocht fostóra agus a chuireann an fostóir sin chuig Stát eile (Stát fostaíochta) chun obair a dhéanamh ann don fhostóir sin.

Ba cheart a mheas go bhfuil an obair á déanamh don fhostóir sa Stát is iasachtóir más rud é gur suíodh go bhfuil an obair sin á déanamh don fhostóir sin agus go bhfuil caidreamh díreach fós idir an t-oibrí agus an fostóir a chuir an t-oibrí.

Chun a shuí an bhfuil caidreamh díreach den sórt sin fós ann, ag glacadh leis, dá bhrí sin, go bhfuil an t-oibrí fós faoi údarás an fhostóra a chuir é, ba cheart líon áirithe eilimintí a chur san áireamh, lena n-áirítear freagracht as earcaíocht, conradh fostaíochta, luach saothair (gan dochar do chomhaontuithe a d'fhéadfadh a bheith ann idir an fostóir sa Stát is iasachtóir agus an gnóthas sa Stát fostaíochta maidir le híocaíocht leis na hoibrithe), dífhostú, agus an t-údarás chun cineál na hoibre a chinneadh.

Chun Airteagal SSCI.13(1) d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal a chur i bhfeidhm, mar léiriú, tar éis dó a bheith faoi réir reachtaíocht an Stáit ina bhfuil an fostóir bunaithe ar feadh mí amháin ar a laghad, is féidir a mheas go gcomhlíonann sé an ceanglas dá dtagraíonn na focail '*go díreach roimh thús fhostaíocht an duine sin*'. Le tréimhsí níos giorra, theastódh meastóireacht cás ar chás agus na tosca eile go léir lena mbaineann á gcur san áireamh.

Chun a chinneadh, i gcás inar gá agus i gcásanna amhrais, an ndéanann fostóir gníomhaíochtaí substaintiúla de ghnáth i gcríoch an Stáit ina bhfuil an fostóir sin bunaithe, tá sé de cheangal ar an institiúid inniúil sa Stát sin scrúdú a dhéanamh ar na critéir go léir lena léirítear na gníomhaíochtaí a dhéanann an fostóir sin, lena n-áirítear an áit ina bhfuil a oifig chláraithe agus a riarachán ag an ngnóthas, líon na mball foirne riaracháin atá ag obair sa Stát ina bhfuil sé bunaithe agus sa Stát eile, an áit ina n-earcaítear oibrithe ar iasacht agus an áit ina dtugtar tromlach na gconarthaí le cliaint i gcrích, an dlí is infheidhme maidir leis na conarthaí a rinne an gnóthas lena oibrithe, ar thaobh amháin, agus lena chliaint, ar an taobh eile, an láimhdeachas le linn gnáththréimhse chuí i ngach Stát lena mbaineann agus líon na gconarthaí a rinneadh sa Stát is iasachtóir. Ní liosta uileghabhálach é sin, ós rud é gur cheart na critéir a oiriúnú do gach cás sonrach agus cineál na ngníomhaíochtaí a dhéanann an gnóthas sa Stát ina bhfuil sé bunaithe a chur san áireamh.

2 (a) Is éard is 'teilea-obair thrasteorann' ann gníomhaíocht is féidir a shaothrú ó shuíomh ar bith agus a d'fhéadfaí a dhéanamh in áitreabh nó áit ghnó an fhostóra agus

— a dhéantar i Stát nó i Stáit seachas an Stát ina bhfuil áitreabh an fhostóra nó an áit ghnó suite; agus

— atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise chun fanacht i gceangal le timpeallacht oibre an fhostóra nó an ghnólachta agus le páirtithe leasmhara/cliaint sa chaoi go gcomhlíonfaidh an fostaí na cúraimí a shannann an fostóir dó, nó na cliaint i gcás daoine féinfhostaithe.

(b) An téarma '*a chuireann an fostóir sin*' in Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal, ba cheart feidhm a bheith aige maidir leis na fostaithe sin, a bhfuil comhaontú a bhfostóra acu, bíodh sé go foirmiúil nó go neamhfhoirmiúil, chun teilea-obair thrasteorann a dhéanamh thar ceann a bhfostóra le linn 100 faoin gcéad dá gcuid ama oibre ar feadh tréimhse shealadach, tréimhse shealadach a dhéantar ar bhonn fánach agus nach cuid den ghnáthphatrún oibre í. Na coinníollacha eile le haghaidh tréimhse ar iasacht a leagtar síos in Airteagail SSC.11 den Phrótacal agus SSCI.13 d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal, ba ghá iad a chomhlíonadh i gcásanna den sórt sin.

(3) Chun Airteagal SSCI.13(3) d'Iarscríbhinn SSC-7 a ghabhann leis an bPrótacal SSC a chur i bhfeidhm, déantar comhlíonadh na gceanglas sa Stát ina bhfuil an duine bunaithe a mheasúnú maidir le critéir mar atá úsáid a bhaint as spás oifige, cánacha a íoc, cárta gairmiúil agus uimhir CBL a bheith acu nó a bheith cláraithe le comhlachais tráchtála nó le comhlachtaí gairmiúla. Mar léiriú, má dhéantar gníomhaíocht a shaothrú ar feadh 2 mhí ar a laghad, is féidir a mheas gur comhlíontar an ceanglas dá dtagraíonn na focail *'le tamall roimh an dáta ar mian leo leas a bhaint as forálacha an Airteagail sin'*. Le tréimhsí níos giorra, theastódh meastóireacht cás ar chás agus na tosca eile go léir lena mbaineann á gcur san áireamh.

(4) (a) De bhun fhorálacha phointe (1) den Mholadh seo, ba cheart Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal leanúint d'fheidhm a bheith aige maidir leis an oibrí ar iasacht má dhéantar an t-oibrí ar iasacht, arna chur ag gnóthas sa Stát is iasachtóir chuig gnóthas sa Stát fostaíochta, a chur freisin chuig gnóthas amháin eile nó níos mó sa Stát fostaíochta céanna, fad a leanfaidh an t-oibrí dá chuid oibre a dhéanamh don ghnóthas a chuir an t-oibrí sin. Is féidir gur amhlaidh atá, go háirithe, má chuir an gnóthas an t-oibrí chuig Stát chun obair a dhéanamh go leanúnach nó go comhuaineach in dhá ghnóthas nó níos mó atá suite sa Stát céanna. Eilimint ríthábhachtach chinntitheach is ea go ndéantar obair fós thar ceann an ghnóthais is iasachtóir.

I ngach cás, ba cheart tréimhse nua ar iasacht de réir bhrí Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal a eascairt as tréimhsí ar iasacht go Stáit éagsúla a leanann go díreach tar éis a chéile.

(b) Briseadh gairid i ngníomhaíochtaí an oibrí ar iasacht leis an ngnóthas sa Stát fostaíochta, is cuma an chúis (saoire, breoiteacht, oiliúint ag an ngnóthas is iasachtóir…), níor cheart é a bheith ina bhriseadh sa tréimhse dícheangail de réir bhrí Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal.

(c) A luaithe a bheidh deireadh curtha ag oibrí le tréimhse ar iasacht, ní féidir tréimhse úr ar iasacht a údarú don oibrí céanna, do na gnóthais chéanna ná don Stát céanna go dtí go mbeidh 2 mhí ar a laghad caite ó dháta éagtha na tréimhse ar iasacht roimhe sin. Ia féidir maolú ar an bprionsabal sin a cheadú, áfach, i gcúinsí sonracha.

(5) Níor cheart feidhm a bheith ag forálacha Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal nó ba cheart dóibh scor d'fheidhm a bheith acu go háirithe:

(a) má dhéanann an gnóthas ar cuireadh an t-oibrí chuige é a chur ar fail do ghnóthas eile sa Stát ina bhfuil sé suite;

(b) má chuirtear an t-oibrí a chuirtear chuig Stát ar fáil do ghnóthas atá suite i Stát eile;

(c) má earcaítear an t-oibrí i Stát chun go gcuirfidh gnóthas atá suite sa dara Stát é chuig gnóthas i dtríú Stát.

(6) (a) Institiúid inniúil an Stáit a bhfuil an duine lena mbaineann fós faoi réir a reachtaíochta de bhun Airteagal SSC.11(1)(a) den Phrótacal, sna cásanna dá bhforáiltear sa Mholadh seo, ba cheart di an fostóir agus an t-oibrí lena mbaineann a chur ar an eolas go cuí faoi na coinníollacha faoina bhféadfaidh an t-oibrí ar iasacht leanúint de bheith faoi réir a reachtaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart an fostóir a chur ar an eolas faoin deis seiceálacha a dhéanamh le linn na tréimhse ar iasacht chun a fháil amach nár tháinig deireadh leis an tréimhse sin. D'fhéadfadh baint a bheith ag na seiceálacha sin, go háirithe, le ranníocaíochtaí a íoc agus leis an gcaidreamh díreach a choinneáil ar bun.

Institiúid inniúil an Stáit ina bhfuil an duine lena mbaineann bunaithe, a bhfuil an duine féinfhostaithe fós faoi réir a reachtaíochta de bhun Airteagal SSC.11(1)(b) den Phrótacal, ba cheart di an duine féinfhostaithe a chur ar an eolas go cuí faoi na coinníollacha faoina bhféadfaidh sé leanúint de bheith faoi réir a reachtaíochta. Ba cheart an duine lena mbaineann a chur ar an eolas faoin deis seiceálacha a dhéanamh le linn na tréimhse ina mbeidh sé ag gabháil do ghníomhaíocht shealadach sa Stát ina bhfuil sé gníomhach, chun a fháil amach nár athraíodh na coinníollacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin. Féadfaidh baint a bheith ag na seiceálacha sin, go háirithe, le ranníocaíochtaí a íoc agus leis an mbonneagar is gá a choinneáil ar bun chun dul i mbun a ghníomhaíochta sa Stát ina bhfuil sé bunaithe.

(b) Thairis sin, ba cheart don oibrí ar iasacht agus dá fhostóir institiúid inniúil sa Stát is iasachtóir a chur ar an eolas faoi aon athrú a tharlaíonn le linn na tréimhse ar iasacht, go háirithe:

— mura tharla an tréimhse ar iasacht a ndearnadh iarratas ina leith sa deireadh,

— má tá briseadh sa ghníomhaíocht i gcás seachas an cás dá bhforáiltear i bpointe (4)(b) den Mholadh seo,

— má shann a fhostóir an t-oibrí ar iasacht do ghnóthas eile sa Stát is iasachtóir, go háirithe i gcás ina ndéantar gnóthas a chumasc nó a aistriú.

(c) Ba cheart d'institiúid inniúil an Stáit is iasachtóir, i gcás inarb iomchuí agus arna iarraidh sin, an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (6)(b) den Mholadh seo a sholáthar d'institiúid an Stáit fostaíochta.

(d) Ba cheart d'institiúidí inniúla an Stáit is iasachtóir agus an Stáit fostaíochta comhoibriú chun na seiceálacha thuasluaite a dhéanamh agus i gcás ina mbeidh aon amhras ann maidir le hinfheidhmeacht Airteagal SSC.11(1) den Phrótacal.

(7) Ba cheart do na hinstitiúidí inniúla measúnú agus faireachán a dhéanamh ar na cásanna a chumhdaítear le hAirteagal SSC.11(1) den Phrótacal. Go háirithe, na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh an ndéanann fostóir a ghníomhaíochtaí de ghnáth i gcríoch Stáit, an ann do chaidreamh díreach idir an gnóthas agus an t-oibrí, nó an bhfuil an bonneagar is gá chun leanúint dá ghníomhaíocht i Stát á choinneáil ar bun ag duine féinfhostaithe, ba cheart iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go cothrom sna cásanna céanna nó i gcásanna comhchosúla.

(8) Ba cheart don Choiste Speisialaithe comhar a spreagadh idir na hinstitiúidí inniúla sna Stáit chun Airteagal SSC.11(1) den Phrótacal a chur chun feidhme chomh maith le malartú faisnéise, taithí agus dea-chleachtais nuair a dhéantar na critéir chun measúnú a dhéanamh ar chásanna gnóthas agus oibrithe a shocrú agus a ghrádú, agus sin i ndáil leis na bearta rialaithe arna gcur i bhfeidhm. Chuige sin, féadfaidh sé, ar mhaithe le húdaráis riaracháin, gnóthais agus oibrithe, treoraíocht bhreise a tharraingt suas ina céimeanna maidir le hoibrithe ar iasacht agus saothrú gníomhaíochta tánaistí ag daoine féinfhostaithe lasmuigh den Stát ina bhfuil siad bunaithe.

Arna dhéanamh i/sa …, an …

Le haghaidh an Choiste Speisialaithe um Chomhordú na Slándála Sóisialta

Na Comhchathaoirligh